

CUNTAS AR A NÓS A BHFUAIR GAILLIMH AN T- AINM.

Bhí Rí i nGaillimh, bhí ingean aige agus ní lá ar bith nach dteighfeadh sí a snamh i Loch Corraib. Ach lá mar chuaidh sí a snámh báthadh í. Bhí brón agus dólás mór ar a Rí na diadh. Cruinnigh sé cárnán mór criafóige mar bheadh imleach beag agus chuir sé 'na seasamh suas i mullach an imligh í. Ba Gaillimh a bhí mar ainm uirthi. Fuair sé teach deanta le ais an imligh agus thug sé Gaillimh ar an teach agus b'in é an chéad theach a rinneadh san áit a bhfuil cathair na Gaillimhe anois agus sé an fágthugann siad Gaillimh air